## Polasaí do Leanaí

**Prionsabal 1**: Sé atá inár leanaí ná foinse shaibhreas an Náisiúin agus an cumas is luachmhaire againn. Ní mór don Stát gach acmhainn atá ar fáil a úsáid le haghaidh Aonad an Teaghlaigh a chosaint agus gach cúnamh riachtanach a chur ar fáil d'fhonn an cúram agus an chosaint is fearr a chinntiú dár gcuid leanaí. Cuirfidh an Rúnaí Oideachais, an Rúnaí Tithíochta, agus an Rúnaí Sláinte leas leanaí an Náisiúin mar phríomhthosaíocht.

**Prionsabal 2:** Le linn luathbhlianta na forbartha acu, beidh leanaí ag fanacht in Aonad an Teaghlaigh leis an gcúram dírithe ar fhorbairt chuimsitheach i dtimpeallacht chothaithe a thugann an tacaíocht dóibh agus iad ag fás suas. Beidh na luathbhlianta suas go dtí sé bhliain d'aois dírithe timpeall na foghlama agus na forbarta bunaithe ar an súgradh a spreagann an taiscéalaíocht, an tsamhlaíocht agus an idirghníomhú sóisialta leis an mbéim ar an gcineáltas a chothú dá gcuid shinsir, dá gcuid ainmhithe agus dá guid pobal níos leithne. Tógfaidh Stát tosaíocht d'fhorbairt limistéir agus do mhoil an phobail ionas go spreagfar timpeallacht shábháilte agus chomhbhách. Cuirfidh an Stát gach cúnamh is gá a ar fáil le haghaidh tuismitheoireacht bhaile a spreagadh le linn blianta ríthábhachtacha sin na forbartha.

**Prionsabal 3:** Agus iad idir sé agus ceithre bhliain déag d'aois, téann na leanaí isteach i dtréimhse an aois scoile, áit a chuirtear forbairt shuntasach chognaíoch, shóisialta agus mhothúchánach orthu atá dírithe go mór ar oideachas ar ardchaighdeáin a chinntíonn rochtain cothrom saor in aisce ar fhoghlaim den scoth do gach éinne. Ba cheart go mbeadh an curaclam cuimsitheach agus na croí-ábhair, na healaíona, an chorpoideachas agus scileanna praiticiúla an tsaoil mar chuid de a gcothaíonn an smaointeoireacht chriticiúil, an chruthaitheacht, an grá don saol agus don fhoghlaim agus an litearthacht dhigiteach chomh maith le fócas ar oideachas an chomhshaoil agus ar an idirghníomhaíocht phobalbhunaithe. Caithfidh beartais an oideachais a bheith solúbtha, oiriúnaitheach agus freagrúil do riachtanais athraithigh an taighde agus an dul chun cinn. Baineann tábhacht ar leith leis an gcomhoibriú idir lucht déanamh an bheartas, na hoideachasóirí, na tuismitheoirí agus na daltaí in éineacht leis an pobal d'fhonnn timpeallacht dhearfach na foghlama a chruthú.

**Prionsabal 4:** Agus iad idir ceithre bhliain déag agus bliain is fiche d'aois, téann na leanaí tríd an ógántacht go dtí an aosacht óg. Ba cheart go ndíreodh an tréimhse seo ar fhorbairt leanúnach an oideachais, ar an bhfás pearsanta, ar phrintíseachtaí, agus ar thaithí phraiticiúil na hoibre, chomh maith le seirbhísí treorach agus na comhairleoireachta chun cabhrú leo cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena gcuid oideachais, le roghanna na gairme rompu agus lena bhforbairt phearsanta. Cuirfidh an Stát tacaíocht airgeadais ar fáil agus scoláireachtaí chun cinn, ag spreagadh cláir mhalartaithe chultúrtha agus cláir malartaithe idirnáisiúnta na mac léinn d'fhonn na feasachta domhanda, na caoinfhulaingthe agus an mheasa ar chultúir agus ar chiníocha éagsúla a chothú.

**Prionsabal 5:** Ní féidir aon leanbh faoi bhun ceithre bhliain déag d'aois a uchtáil isteach in aon chultas reiligiúnach agus is ní féidir leo a gcead feasach féin a thabhairt ag an aois seo.

**Prionsabal 6:** Gheobhaidh leanaí ceithre bhliain déag d'aois agus níos sine an tacaíocht le haghaidh bunscileanna na tiomána a fhorbairt agus, i nidiaidh dóibh deimhniú pas a fháil, ceadófar dóibh tiomáint le duine fásta faoi mhaoirseacht suas go dtí sé bhliain déag d'aois nuair ia d'fhé adfaidís tiomáint ina n-aonar. Dfhónn cabhrú leo lena leithéid a bhaint amach, féanfaidh an Stát a dhícheall Polasaithe Árachais costéifeachtach a chur ar fáil.

**Prionsabal 7:** Búnófar páirceanna stáit i ngach cúige ionas gur féidir le leanaí ó cheantair uirbeacha cuairt a thabhairt orthu, scileanna an tsaoil a fhoghlaim agus teacht leis an dúlra le haghaidh an cumas iomasach acu a fhorbairt.

**Prionsabal 8:** I ndiaidh dóibh seacht mbliain d'aois a bhaint amach, eiseoidh an Stát méid áirithe creidiúint do gach leanbh d'fhonn á spreagadh chun a ngnóthaí féin a bhainistiú agus braistint na flúirse a thabhairt isteach sa tsaol acu trí thuiscint an airgeadais agus tríd an gcumasú eacnamaíoch a thabhairt dóibh.

**Prionsabal 9:** Déanfar Cúirteanna Dhail Éireann a oiriúnú dár leanaí ionas á n-éascú smacht reachta a riar ar a gcuid pobal féin agus iad ag seasamh leis an bprionsabal nach bhfuil éinne os cionn an Dlí Nádúrtha. Leagfar síos gur fearr Riail na Saorthola agus an béim ar an athshlánú agus ar an ath-imeascadh ná an pionós a ghearradh.

**Prionsabal 10:** Má chailleann aon leanbh a mháthair nó a athair, fanfaidh an leanbh sa phobal faoi threoir Seanóirí an Chomhphobail agus cuirfidh an Stát gach cúnamh ar fáil dóibh d'fhonn a leithéid a chinntiú. Déanfar an 23 Feabhra, Lá na Leana, a cheilliúradh gach bliain mar Lá Saoire Náisiúnta ionas comóradh a dhéanamh ar chailliúint ár bpáistí dearmadta.

**Prionsabal 11:** Aon ghníomhaireacht nó gníomhaire rialtais, aonán nó corparáid, iasachtach nó intíre, a chuireann chun cinn nó a chuireann aon táirge ar fáil a chruthófar go ndearna sé dochar d'aon chineál, go fisiceach, go meabhrach nó go spioradálta, do leas ár leanaí, déanfar a ceadúnas a chúlghairm agus baintear gach sócmhainní acu uathí chun cúiteamh a íoc do na leanaí lena mbaineann agus dá gcuid teaghlach.

eamon-padraig M<sup></sup>cCarthaigh.
Rúnaí Leanaí

:Barra-Séamas:
Rúnaí Oideachais

Colm O'Gramhachain
Rúnaí Tithíochta

Áine Maíse Ní Staic
Rúnaí Sláinte

Seán Ó Flanagáin
Cathaoirleach